An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

**Ciorclán 0055/2025**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Athbhreithniú ar Thuarastail Rúnaithe Scoile agus Coimhdeachtaí Bus arna Maoiniú Roimhe Faoi Mhaoiniú Deontas Coimhdeach

## Cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025

### Réamhrá

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Óige údaráis bhainistithe, Rúnaithe Scoile agus Coimhdeachtaí Bus scoile a mhaoiníítí roimhe seo faoi mhaoiniú deontas coimhdeach a chur ar an eolas faoi rátaí athbhreithnithe tuarastail le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025.

2. Leagtar amach sa chiorclán seo an scála nua do rúnaithe i ndiaidh ailíniú comhaontaithe le harduithe pá náisiúnta. Ní bhaineann na méaduithe go díreach ach le rúnaithe a d'aistrigh chuig na téarmaí agus na coinníollacha nua arna dtairiscint faoi chomhaontú Feabhra 2022.

3. Cuirfear na méaduithe go rúnaithe i bhfeidhm agus íocfar iad trí chóras párolla na Roinne agus ní gá do scoileanna beart ar bith a dhéanamh.

4. Tá pá agus coinníollacha eile rúnaithe nár aistrigh chuig na téarmaí agus na coinníollacha nua fós ina ábhar don scoil, mar fhostóir.

5. Leagtar amach sa chiorclán seo freisin an ráta pá nua do coimhdeachtaí bus scoile atá fostaithe ag scoileanna atá maoinithe faoi mhaoiniú deontais coimhdeach ag an Roinn.

### Méaduithe ar Thuarastail

6. Méadófar tuarastail bhliantúla lánaimseartha do rúnaithe ar an mbunscála faoi 1% le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025.

7. Beidh méadú 1% ar an ráta coimhdeachtaí bus in aghaidh na huaire le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025.

8. Cuirtear téarmaí an Chiorcláin seo in ionad na scálaí tuarastail athbhreithnithe don fhoireann lena mbaineann le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025. Tá na rátaí comhfhreagracha in aghaidh na huaire do Rúnaithe Scoile agus Coimhdeachtaí Bus san áireamh chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt.

9. Tá rátaí ócáideacha in aghaidh na huaire do Rúnaithe Scoile ceangailte le hAguisín 2.

10. Tá rátaí in aghaidh na huaire do Coimhdeachtaí Bus ceangailte le hAguisín 3.

11. Le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025, tá téarmaí an Chiorcláin seo curtha in ionad na scálaí tuarastail uile agus na rátaí ócáideacha in aghaidh na huaire uile iníoctha le Rúnaithe Scoile agus Coimhdeachtaí Bus a bhí leagtha amach i gCiorcláin roimhe seo.

12. Pléifear le ró-íocaíochtaí i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorclán 0084/2015.

## Scaipeadh agus Ceisteanna

13. Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta agus go ndíreofar aird na Rúnaithe agus Coimhdeachtaí Bus uile atá fostaithe agat ar an méid atá inti, chomh maith leo siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

14. Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi https://www.gov.ie/ga/ciorclain/

15. Ba cheart fiosruithe párolla aonair a chur ar aghaidh mar seo a leanas; https://cs.education.gov.ie/

16. Ba cheart fiosruithe Coimhdeachtaí aonair a chur ar aghaidh mar seo ag scoileanna chuig: escorttransport@education.gov.ie

Mairead Daly
Príomhoifigeach Gníomhach
Caidreamh Foirne Seachtrach

Michael Donoghue
Príomhoifigeach
Párolla

22 Iúil 2025

**<u>Aguisín 1</u>**

**Rúnaithe Scoile**

| **Rúnaí Scoile** | **Rátaí ó 01/08/2025** | **Rátaí in aghaidh na huaire ó 01/08/2025** |
|---|---|---|
| | €31,119 | €16.12 |
| | €32,868 | €17.02 |
| | €33,299 | €17.25 |
| | €34,174 | €17.70 |
| | €35,450 | €18.36 |
| | €36,730 | €19.02 |
| | €38,011 | €19.69 |
| | €38,939 | €20.17 |
| | €39,992 | €20.71 |
| | €41,211 | €21.35 |
| | €42,078 | €21.79 |
| | €43,289 | €22.42 |
| | €44,508 | €23.05 |
| | €46,798 | €24.24 |
| | €46,798 | €24.24 |
| | €46,798 | €24.24 |
| **Incrimint Fadseirbhíse*** | €48,425 | €25.08 |

** i ndiaidh 3 bliana ar a mhéad de sheirbhís shásúil*

**AGUISÍN 2:**

| | Ráta Leanúnach ón 01/08/2025 | Ráta Saoire Bliantúil Reachtúil ó 01/08/2025 |
|---|---|---|
| **Rúnaí Scoile Ionaid** | €14.83 | €1.29 |

**AGUISÍN 3:**

| | **Ráta Leanúnach ón 01/08/2025** |
|---|---|
| **Coimhdeacht Bus** | €15.66 |